Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**14562/19**

**AVIATION 243**
**FIN 778**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Samhain 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 13466/1/19 REV 1 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "*The EU's regulation for the modernisation of air traffic management has added value – but the funding was largely unnecessary*" [Tá breisluach ag gabháil le rialú an Aontais ar mhaithe le bainistíocht aerthráchta a nuachóiriú – ach den chuid is mó níor theastaigh an cistiú]<br>– Conclúidí ón gComhairle (25 Samhain 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: *"The EU's regulation for the modernisation of air traffic management has added value – but the funding was largely unnecessary"* [Tá breisluach ag gabháil le rialú an Aontais ar mhaithe le bainistíocht aerthráchta a nuachóiriú – ach den chuid is mó níor theastaigh an cistiú], conclúidí a ghlac an Chomhairle ag an 3732ú cruinniú dá cuid, a tionóladh ar an 25 Samhain 2019.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2019
ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:
*"The EU's regulation for the modernisation of air traffic management has added value – but the funding was largely unnecessary"* [Tá breisluach ag gabháil le rialú an Aontais ar mhaithe le bainistíocht aerthráchta a nuachóiriú – ach ní raibh gá mór leis an gcistiú]

MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE:

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa "*The EU's regulation for the modernisation of air traffic management has added value – but the funding was largely unnecessary*" [Tá breisluach ag gabháil le rialú an Aontais ar mhaithe le bainistíocht aerthráchta a nuachóiriú – ach ní raibh gá mór leis an gcistiú] maidir le tionchar reachtaíocht an Aontais agus tacaíochta airgeadais ar nuachóiriú na bainistíochta aerthráchta (ATM).

2. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS cur chuige cuiditheach Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i leith na deise cistiú poiblí ón Aontas a fháil agus an breisluach sonrach a ghabhann leis an gcistiú sin i ndáil le nuachóiriú ATM agus IS DÍOL SÁSAIMH DI torthaí oscailte criticiúla Chúir Iniúchóirí na hEorpa maidir le héifeachtacht chistiú an Aontais i dtaca le roinnt tionscadal de chuid SESAR um imscaradh arna n-iniúchadh agus tionchar an chistithe sin ar nuachóiriú ATM.

3. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS na tairbhí a bhaineann le comhordú a dhéanamh ar nuachóiriú ATM ar leibhéal an Aontais, d'fhonn idir-inoibritheacht idir na geallsealbhóirí a áirithiú chun tacú le himscaradh theicneolaíochtaí nua ATM agus nósanna imeachta oibríochtúla i soláthar seirbhísí aerloingseoireachta.

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé comhordú a dhéanamh ar na geallsealbhóirí uile agus gur gá rannpháirtíocht a bheith ann ionas gur féidir comhthionscadail a chur chun feidhme go tráthúil.

5. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an tábhacht atá le Forbairt agus Taighde um Bainistíocht Aerthráchta san Aerspás Eorpach Aonair (SESAR), ar cumasóir riachtanach é i gcur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair. Agus é mar aidhm an mhoill a bhíonn ar roinnt réiteach de chuid SESAR a mhaolú, CUIREANN an Chomhairle I dTREIS gur gá a áirithiú go ndéanfar réitigh theicneolaíocha agus oibríochtúla a imscaradh agus a chur ar fáil go tráthúil chun earnáil ATM a nuachóiriú trí dhlús a chur le hinfheistíochtaí gaolmhara agus trí shioncronú iarrachtaí.

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart an tacaíocht airgeadais i gCreat Airgeadais Nua 2021-2027 a choinneáil agus údar cuí a thabhairt léi ó thaobh breisluacha, úsáid éifeachtúil acmhainní a léiriú leis an tacaíocht sin agus cur le feidhmíocht líonra Eorpach ATM san Aontas léi.

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé a áirithiú go dtrasnóidh réitigh SESAR go rianúil agus ar bhealach tráthúil ó chéim na forbartha go céimeanna na tionsclaíochta agus an chur chun feidhme, agus AIRD Á TABHAIRT ar an difríocht idir an trealamh aerbheirthe agus próisis thionsclaíochta na gcóras talún, agus, Á CHUR CHUN SUNTAIS gur cheart tacú le coincheapa nua-bhunaithe a imscaradh go tráthúil éifeachtach trí shonraíochtaí oiriúnacha teicniúla agus oibríochtúla a sheoladh go pras agus trí chloí leo ar bhealach comhsheasmhach, agus TACAÍONN SÍ, i gcás inar gá, le tacaíocht airgeadais leanúnach spriocdhírithe ón Aontas chun réitigh riachtanacha de chuid SESAR a imscaradh ar bhealach sioncronaithe tráthúil, go háirithe d'fhonn bearnaí idir próisis tionsclaíochta agus próisis cur chun feidhme a líonadh.

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurb é an tátal as an Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa go bhfuil easpa caighdeánaithe i dtionscadail SESAR agus AITHNÍONN sí an rannchuidiú a thugtar le caighdeánú i dtaca le hidiroibríocht a áirithiú.

9. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS na neamhréireachtaí idir na nósanna imeachta le haghaidh an ciste a leithdháileadh laistigh den sásra maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus an phleanáil infheistíochta cúig bliana a éilítear le Rialachán AE 2019/317 maidir le muirear.

10. MEABHRAÍTEAR DI go soláthraítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 409/2013 ón gCoimisiún sonraí maidir le comhthionscadail a shainiú, maidir le rialachas a bhunú, maidir le róil na ngeallsealbhóirí oibríochtúla, agus maidir le dreasachtaí lena dtacófar le cur chun feidhme Mháistirphlean Eorpach ATM a shainaithint, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcuirtear i dtreis sa Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a thábhachtaí atá na geallsealbhóirí oibríochtúla ó thaobh gníomhaíochtaí imscartha a chur chun feidhme.

11. MEABHRAÍTEAR DI go gcuirtear an Comhthionscadal Píolóta ar bun le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 716/2014 ón gCoimisiún, agus go sainaithnítear leis an chéad tacar d'fheidhmiúlachtaí ATM a bheidh le himscaradh ar bhealach tráthúil comhordaithe sioncronaithe sa chaoi go ngnóthófar na hathruithe oibríochtúla riachtanacha a eascraíonn as Máistirphlean Eorpach ATM. Thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa faoi deara, áfach, nach raibh cuid de na feidhmeanna forbartha bunaithe go leordhóthanach tráth a n-áirimh i Rialachán (AE) Uimh. 716/2014 maidir leis an gComhthionscadal Píolóta. Ina theannta sin, cuirtear comhlíonadh na gceanglas rialaithe i dtéarmaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 409/2013 ón gCoimisiún i mbaol i ngeall ar mhoill ar réitigh bhunaithe a sheoladh.

12. IS DÍOL SÁSAIMH DI go nglacann an Coimisiún leis na moltaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún a mhachnamh a dhéanamh, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus ar an Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, ar conas imscaradh SESAR a fheabhsú agus coinbhleacht leasa a sheachaint.

13. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gComhthionscadal Píolóta i bhfianaise na moltaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ós rud é gurb é is aidhm leis an athbhreithniú aghaidh a thabhairt ar roinnt de na heasnaimh a tuairiscíodh agus na bealaí chun éifeachtacht na gcomhthionscadal a fheabhsú laistigh de thimthriall nuálaíochta SESAR a fhiosrú agus an dlús a bunaíodh cheana leis an gComhthionscadal Píolóta á choimeád ag an am céanna.

14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i dteannta na gcomhlachtaí lena mbaineann, i bhfianaise na moltaí a rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus chun éifeachtacht na gcomhthionscadal a neartú, tosaíochtaí a shainiú níos fearr agus díriú ar an tacaíocht airgeadais a thugann an tAontas chun a áirithiú go mbeidh an tionchar is mó is féidir ag na tionscadail, ról Bhainisteoir SESAR um Imscaradh a shoiléiriú agus a athbhreithniú chun an trédhearcacht a mhéadú i dtaca le hiarratais ar chistiú a ullmhú agus a chur isteach, agus chun faireachán iomchuí a áirithiú ar na tairbhí a thugtar d'earnáil iomlán na heitlíochta.

15. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mhachnamh a dhéanamh ar conas sainiú, forbairt, próisis tionsclaíochta agus cur chun feidhme thionscadal SESAR a nascadh ar bhealach níos fearr agus an nasc atá acu le sásraí eile de chuid Aerspáis Eorpaigh Aonair a fheabhsú, agus na moltaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa óna Tuarascáil Speisialta Uimh° 18/2017 i ndáil le feidhmíocht Aerspáis Eorpaigh Aonair á mbreithniú aige chomh maith.

16. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an tábhacht atá le máistirphlean ATM agus le SESAR, ar uirlisí riachtanacha iad chun bonneagar ATM a fhorbairt agus a imscaradh i mBallstáit an Aontais.